Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11063 – CVC CAPITAL / SCAN GLOBAL LOGISTICS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 89/10)

1. An 3 Márta 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CVC Capital Partners SICAV-FIS S.A. ("CVC", Lucsamburg),

— SGL TransGroup US Corp (na Stáit Aontaithe) agus Scan (Jersey) TopCo Ltd (Geirsí), dá ngairtear le chéile Scan Global Logistics, faoi rialú AEA Investors SBF LP ("AEA", na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh CVC rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Scan Global Logistics ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tugann CVC comhairle do chistí infheistíochta a bhfuil leasanna acu i roinnt cuideachtaí atá gníomhach i réimse tionscal ar fud an domhain, go príomha san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus bainistíonn sé iad freisin,

— Cuireann Scan Global Logistics seirbhísí seolta lasta idirnáisiúnta ar bheagán sócmhainní ar fáil ar fud an domhain. Faoi láthair, tá Scan Global Logistics faoi rialú AEA, atá gníomhach in infheistíocht cothromais phríobháidigh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11063 – CVC CAPITAL / SCAN GLOBAL LOGISTICS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË